Beidh Scrúduithe TEG 2014 ar siúl sna hionaid seo:

| | | | |
|---|---|---|---|
| *An Spidéal* | *Páras* | B2 | 5 Aibreán 2014* |
| Béal Feirste | Prág | B1 | 10 Bealtaine 2014 |
| *Caisleán an Bharraigh* | *Nua Eabhrac* | A2 | 24 Bealtaine 2014 |
| Cill Airne | Ottawa | **A1** | 7 Meitheamh 2014 |
| *Cill Chainnigh* | | | |
| Corcaigh | | | |
| *Leitir Ceanainn* | | | |
| Luimneach | | | |
| *Má Nuad* | | | |

***Glactar le Leibhéal B2 mar cheann de na critéir iontrála do chúrsaí sa bhunmhúinteoireacht sna coláistí Oideachais agus *Coláiste Hibernia*.**

Is é an dáta deiridh d'iarratais ar scrúduithe TEG ná 14 Márta 2014.

**Tuilleadh eolais**: http://www.teg.ie/gaeilge/ioc_ar_line.htm

**Dírigh ar do chumas labhartha! PÁIRTCHREIDIÚINT AR FÁIL**

Tá páirtchreidiúint ar fáil do dhaoine gur mhaith leo an scrúdú cainte amháin a dhéanamh. Mar sin, beidh dhá rogha ag iarrthóirí 2014:

- Scrúdú iomlán TEG a dhéanamh agus creidiúint iomlán a fháil;

*NÓ*

- An scrúdú cainte amháin a dhéanamh agus páirtchreidiúint a fháil.

Beidh foireann TEG sásta scrúduithe cainte a reáchtáil ag amanna eile i rith na bliana do ghrúpaí in ionaid ar fud na tíre. Cuir glaoch ar (01) 708 6417.

As a learner of Irish in Canada, I find that opportunities to speak with fluent speakers can be very limited and it is always difficult to gauge my level of progress in speaking. The TEG oral exam provides you with a structured set of activities that are realistic and fun. It also provides you with critical feedback. I was over the moon with my result. I am now very motivated to continue working on my Irish language skills so that I am ready to do A2 next summer.

**Sheila Scott**, Iarrthóir TEG A2 2012, Ceanada

**Tuilleadh eolais**: http://www.teg.ie/gaeilge/ceisteanna.htm#2B

## TEG & DALTAÍ MEÁNSCOILE

Múinteoirí! Ar mhaith libh bhur gcuid daltaí idirbhliana a chur isteach ar scrúduithe TEG?

Is féidir an scrúdú cainte amháin nó an scrúdú iomlán a dhéanamh.

Tá Teastas Eorpach na Gaeilge ar bun againn i gColáiste Íosagáin le daltaí na hIdirbhliana le ceithre bliana anuas. Thosaíomar ar an scrúdú le sprioc chinnte a thabhairt do na daltaí ag deireadh na bliana agus toisc go bhfuil béaltriail sheachtrach mar chuid den mheasúnú. Ó tharla go bhfuil 40% de na marcanna san Ardteist ar an mbéaltriail anois, is deis iontach é do na daltaí díriú isteach ar an gcaint, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar na scileanna eile teanga: léamhthuiscint, scríobh, agus cluastuiscint.

**Joanne Ní Choileáin**, múinteoir Gaeilge, Baile Átha Cliath

Is é an dáta deiridh d'iarratais ó scoileanna ná **21 Feabhra 2014**. Tar éis an dáta seo cuir glaoch ar (01) 708 6417.

**Tuilleadh eolais:** http://www.teg.ie/gaeilge/scoileanna.htm.